RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1125 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Meitheamh 2022

lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha a bhaineann le Ceanada, leis an Ríocht Aontaithe, leis an tSile agus leis na Stáit Aontaithe ar na liostaí de thríú tíortha atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 230(1) agus Airteagal 232(1) agus (3) de.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2016/429 nach mór do choinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht ó thríú tír nó ó chríoch, nó ó chrios nó ó dheighleog de thríú tír nó de chríoch, a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin chun teacht isteach san Aontas.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ([2]) leagtar síos na ceanglais sláinte ainmhithe nach mór do choinsíneachtaí de speicis agus catagóirí áirithe ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a chomhlíonadh chun teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha nó ó chríocha nó ó chriosanna de thríú tír nó de chríoch, nó ó dheighleoga de thríú tír nó de chríoch i gcás ainmhithe uisceacha.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún ([3]) bunaítear na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha, nó de chriosanna nó deighleoga de thríú tír nó de chríoch, óna gceadaítear na speicis agus catagóirí ainmhithe, na táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 teacht isteach san Aontas.

(4) Go háirithe, leagtar amach in Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 na liostaí de thríú tíortha nó de chríocha nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe i dtaca le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas.

(5) Thug an Ríocht Aontaithe fógra don Choimisiún faoi 2 ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis Sussex Thoir agus Lincolnshire i Sasana, ráigeanna a deimhníodh an 18 Bealtaine 2023 agus an 24 Bealtaine 2023 faoi seach le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch áirithe a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis dóibh a theacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).

(6) Tar éis na ráigeanna deireanacha sin den fhliú éanúil ardphataigineach, bhunaigh údaráis tréidliachta na Ríochta Aontaithe criosanna srianta de 10 km ar a laghad timpeall ar na bunaíochtaí a bhí buailte agus chuir siad beartas díothaithe chun feidhme chun láithreacht an fhliú éanúil ardphataiginigh a rialú agus chun leathadh an ghalair sin a theorannú.

(7) Tá faisnéis curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag an Ríocht Aontaithe maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a críocha agus maidir leis na bearta atá déanta aici chun leathadh breise an fhliú éanúil ardphataiginigh a chosc.

(8) Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis sin. I bhfianaise na staide sláinte ainmhithe sna limistéir atá faoi shrianta arna mbunú ag údaráis tréidliachta na Ríochta Aontaithe, measann an Coimisiún gur cheart teacht isteach coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim sna limistéir sin a chur ar fionraí san Aontas, chun stádas sláinte ainmhithe an Aontais a chosaint.

(9) Chuir Ceanada, an tSile, an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe faisnéis nuashonraithe ar fáil i ndáil le cásanna ba chúis le teacht isteach roinnt táirgí san Aontas a chur ar fionraí.

(10) Go sonrach, chuir Ceanada faisnéis nuashonraithe isteach maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a chríoch i ndáil le 8 ráig den fhliú éanúil ardphataigineach i mbunaíochtaí éanlaithe clóis i gcúigí Ontario (2), Quebec (5) agus Saskatchewan (1), ráigeanna a deimhníodh idir an 26 Meán Fómhair 2022 agus an 18 Aibreán 2023.

(11) Ina theannta sin, chuir an tSile faisnéis nuashonraithe isteach maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a chríoch i ndáil le 5 ráig den fhliú éanúil ardphataigineach i mbunaíochtaí éanlaithe clóis i réigiúin Valparaíso (4) agus O'Higgins (1), ráigeanna a deimhníodh idir an 12 Márta 2023 agus an 20 Aibreán 2023.

(12) Thairis sin, tá faisnéis nuashonraithe curtha isteach ag an Ríocht Aontaithe maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a críoch i ndáil le ráig den fhliú éanúil ardphataigineach i mbunaíochtaí éanlaithe clóis i gcontae Yorkshire i Sasana, an Ríocht Aontaithe, ráig a deimhníodh an 13 Aibreán 2023.

(13) Thairis sin, tá faisnéis nuashonraithe curtha isteach ag na Stáit Aontaithe maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríoch i ndáil le 11 ráig den fhliú éanúil ardphataigineach i mbunaíochtaí éanlaithe clóis i stáit California (1), Iowa (2), Mississippi (1), Nebraska (1), New York (1), Pennsylvania (3), South Dakota (1), Washington (1), ráigeanna a deimhníodh idir an 12 Nollaig 2022 agus an 19 Aibreán 2023.

(14) Chuir Ceanada, an tSile, an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe faisnéis isteach freisin faoi na bearta a rinne siad chun leathadh breise an fhliú éanúil ardphataiginigh a chosc. Go sonrach, tar éis na ráigeanna sin den ghalar sin, tá beartas díothaithe curtha chun feidhme ag Ceanada, ag an tSile, ag an Ríocht Aontaithe agus ag na Stáit Aontaithe chun leathadh an ghalair sin a rialú agus a theorannú, agus tá na bearta glantacháin agus díghalraithe is gá curtha i gcrích acu freisin tar éis chur chun feidhme an bheartais díothaithe ar na bunaíochtaí éanlaithe clóis ionfhabhtaithe ar a gcríocha.

(15) Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis a chuir Ceanada, an tSile, an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe isteach. Measann an Coimisiún go bhfuil ráthaíochtaí iomchuí tugtha ag Ceanada, an tSile, an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe nach bagairt do shláinte ainmhithe ná don tsláinte phoiblí laistigh den Aontas í an staid sláinte ainmhithe ba chúis leis an bhfionraí, agus, dá bhrí sin, gur cheart teacht isteach san Aontas tráchtearraí éanlaithe clóis ó chriosanna na dtíortha sin óna raibh teacht isteach san Aontas curtha ar fionraí a athúdarú.

(16) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú chun an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair a chur san áireamh a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach i gCeanada, sa Ríocht Aontaithe, sa tSile agus sna Stáit Aontaithe.

(17) Agus an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair i gCeanada, sa Ríocht Aontaithe, sa tSile agus sna Stáit Aontaithe á cur san áireamh a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach agus an riosca tromchúiseach atá ann go dtabharfaí isteach san Aontas é, ba cheart éifeacht a bheith leis na leasuithe atá le déanamh leis an Rialachán seo ar Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar ábhar práinne.

(18) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn V agus Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 8 Meitheamh 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar a leanas:

(1) leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(a) i gCuid 1, leasaítear Roinn B mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios CA-2.100:

‘**CA** Ceanada	CA-2.100	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		26.9.2023	5.6.2023’;

(ii) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios CA-2.174:

‘**CA** Ceanada	CA-2.174	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		8.2.2023	29.5.2023’;

(iii) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna CA-2.176, CA-2.177 agus CA-2.178:

‘**CA** Ceanada	CA-2.176	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		10.3.2023	29.5.2023
	CA-2.177	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		14.3.2023	29.5.2023
	CA-2.178	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		27.3.2023	29.5.2023’;

(iv) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios CA-2.180:

‘**CA** Ceanada	CA-2.180	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		4.4.2023	5.6.2023’;

(v) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios CA-2.183:

‘**CA** Ceanada	CA-2.183	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		12.4.2023	29.5.2023’;

(vi) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios CA-2.186:

'**CA** Ceanada	CA-2.186	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		18.4.2023	5.6.2023';

(vii) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios CL-2.1:

'**CL** An tSile	Cl-2.1	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		12.3.2023	31.5.2023';

(viii) san iontráil a bhaineann leis an tSile, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios CL-2.4:

'**CL** An tSile	Cl-2.4	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		30.3.2022	31.5.2023';

(ix) san iontráil a bhaineann leis an tSile, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna CL-2.7, CL-2.8 agus CL-2.9:

'**CL** An tSile	Cl-2.7	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		14.4.2023	31.5.2023
	Cl-2.8	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		18.4.2023	31.5.2023
	Cl-2.9	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		20.4.2023	31.5.2023';

(x) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios GB-2.299:

'**GB** an Ríocht Aontaithe	GB-2.299	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		13.4.2023	21.5.2023';

(xi) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna GB-2.304 agus GB-2.305 tar éis an ró le haghaidh chrios GB-2.303:

'**GB** an Ríocht Aontaithe	GB-2.304	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		18.5.2023	
	GB-2.305	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		24.5.2023';	

(xii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.379:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.379	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		12.12.2022	24.5.2023’;

(xiii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.385:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.385	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		14.12.2022	30.5.2023’;

(xiv) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.394:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.394	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		22.12.2022	3.6.2023’;

(xv) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.397:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.397	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		30.12.2022	29.5.2023’;

(xvi) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.406:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.406	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		25.1.2023	25.5.2023’;

(xvii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.410:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.410	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		7.2.2023	18.5.2023’;

(xviii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.415:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.415	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		21.2.2023	20.5.2023’;

(xix) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.430:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.430	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		3.3.2023	20.5.2023’;

(xx) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.442:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.442	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		16.3.2023	1.6.2023’;

(xxi) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.453 agus US-2.454:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.453	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		18.4.2023	20.5.2023
	US-2.454	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		19.4.2023	4.6.2023’;

(b) leasaítear Cuid 2 mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach na tuairiscí seo a leanas le haghaidh chriosanna GB-2.304 agus GB-2.305 tar éis na tuairisce le haghaidh chrios GB-2.303:

‘an Ríocht Aontaithe	GB-2.304	near Uckfield, Wealden, East Sussex, England, GB The area contained with a circle of a radius of 3km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N50.92 and Long: E0.18
	GB-2.305	near Scunthorpe, North Lincolnshire, Lincolnshire, England, GB The area contained with a circle of a radius of 10km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N53.54 and Long: W0.69’;

(2) in Iarscríbhinn XIV, i gCuid 1, leasaítear Roinn B mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios CA-2.100:

'**CA** Ceanada	CA-2.100	POU, RAT	N, P1		26.9.2023	5.6.2023
		GBM	P1		26.9.2023	5.6.2023';

(ii) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios CA-2.174:

'**CA** Ceanada	CA-2.174	POU, RAT	N, P1		8.2.2023	29.5.2023
		GBM	P1		8.2.2023	29.5.2023';

(iii) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna CA-2.176, CA-2.177 agus CA-2.178:

'**CA** Ceanada	CA-2.176	POU, RAT	N, P1		10.3.2023	29.5.2023
		GBM	P1		10.3.2023	29.5.2023
	CA-2.177	POU, RAT	N, P1		14.3.2023	29.5.2023
		GBM	P1		14.3.2023	29.5.2023
	CA-2.178	POU, RAT	N, P1		27.3.2023	29.5.2023
		GBM	P1		27.3.2023	29.5.2023';

(iv) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios CA-2.180:

'**CA** Ceanada	CA-2.180	POU, RAT	N, P1		4.4.2023	5.6.2023
		GBM	P1		4.4.2023	5.6.2023';

(v) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios CA-2.183:

'**CA** Ceanada	CA-2.183	POU, RAT	N, P1		12.4.2023	29.5.2023
		GBM	P1		12.4.2023	29.5.2023';

(vi) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios CA-2.186:

'**CA** Ceanada	CA-2.186	POU, RAT	N, P1		18.4.2023	5.6.2023
		GBM	P1		18.4.2023	5.6.2023';

(vii) san iontráil a bhaineann leis an tSile, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios CL-2.1:

'**CL** An tSile	CL-2.1	POU, RAT	N, P1		12.3.2023	31.5.2023
		GBM	P1		12.3.2023	31.5.2023';

(viii) san iontráil a bhaineann leis an tSile, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios CL-2.4:

'**CL** An tSile	CL-2.4	POU, RAT	N, P1		30.3.2022	31.5.2023
		GBM	P1		30.3.2022	31.5.2023';

(ix) san iontráil a bhaineann leis an tSile, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna CL-2.7, CL-2.8 agus CL-2.9:

'**CL** An tSile	CL-2.7	POU, RAT	N, P1		14.4.2023	31.5.2023
		GBM	P1		14.4.2023	31.5.2023
	CL-2.8	POU, RAT	N, P1		18.4.2023	31.5.2023
		GBM	P1		18.4.2023	31.5.2023
	CL-2.9	POU, RAT	N, P1		20.4.2023	31.5.2023
		GBM	P1		20.4.2023	31.5.2023';

(x) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios GB-2.299:

'**GB** an Ríocht Aontaithe	GB-2.299	POU, RAT	N, P1		13.4.2023	21.5.2023
		GBM	P1		13.4.2023	21.5.2023';

(xi) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna GB-2.304 agus GB-2.305 tar éis an ró le haghaidh chrios GB-2.303:

'**GB** an Ríocht Aontaithe	GB-2.304	POU, RAT	N, P1		18.5.2023	
		GBM	P1		18.5.2023	
	GB-2.305	POU, RAT	N, P1		24.5.2023	
		GBM	P1		24.5.2023;'	

(xii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.379:

'**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.379	POU, RAT	N, P1		12.12.2022	24.5.2023
		GBM	P1		12.12.2022	24.5.2023';

(xiii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.385:

'**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.385	POU, RAT	N, P1		14.12.2022	30.5.2023
		GBM	P1		14.12.2022	30.5.2023';

(xiv) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.394:

'**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.394	POU, RAT	N, P1		22.12.2022	3.6.2023
		GBM	P1		22.12.2022	3.6.2023';

(xv) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.397:

'**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.397	POU, RAT	N, P1		30.12.2022	29.5.2023
		GBM	P1		30.12.2022	29.5.2023';

(xvi) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.406:

'**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.406	POU, RAT	N, P1		25.1.2023	25.5.2023
		GBM	P1		25.1.2023	25.5.2023';

(xvii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.410:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.410	POU, RAT	N, P1		7.2.2023	18.5.2023
		GBM	P1		7.2.2023	18.5.2023’;

(xviii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.415:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.415	POU, RAT	N, P1		21.2.2023	20.5.2023
		GBM	P1		21.2.2023	20.5.2023’;

(xix) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.430:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.430	POU, RAT	N, P1		3.3.2023	20.5.2023
		GBM	P1		3.3.2023	20.5.2023’;

(xx) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.442:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.442	POU, RAT	N, P1		16.3.2023	1.6.2023
		GBM	P1		16.3.2023	1.6.2023’;

(xxi) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.453 agus US-2.454:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.453	POU, RAT	N, P1		18.4.2023	20.5.2023
		GBM	P1		18.4.2023	20.5.2023
	US-2.454	POU, RAT	N, P1		19.4.2023	4.6.2023
		GBM	P1		19.4.2023	4.6.2023’.